Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Eanáir 2025
(OR. en)

17052/24

Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0325(NLE)

ECOFIN 1523
FIN 1137
UEM 488
CADREFIN 225

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an...**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Commented [MAP_EJ1]: EUR-Lex
Teideal OK

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Chipir an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur isteach an 17 Bealtaine 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 28 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021')[2]. Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 le cinntí cur chun feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023 agus an 16 Iúil 2024[3].

(2) An 25 Deireadh Fómhair 2024 rinne an Chipir iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach a thuilleadh go páirteach de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an gCipir.

Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Chipir isteach de bharr imthosca oibiachtúla, baineann siad le dhá bheart.

**Commented [MAP_EJ2]:** Ailínithe le ST 17055/24 agus le ST15571/23.

**Commented [MAP_EJ3]:** IATE. OK

**Commented [MAP_EJ4]:** Register.consilium - níl leagan GA ann

**Commented [MAP_EJ5]:** ST 15571/23 - register.consilium
ST 11806/24 - register.consilium

**Commented [MAP_EJ6]:** "1. I gcás nach bhféadfaidh an Ballstát lena mbaineann an plean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear na clocha míle agus na spriocanna ábhartha, **a bhaint amach a thuilleadh, go páirteach nó go hiomlán, de bharr imthosca oibiachtúla,** féadfaidh an Ballstát lena mbaineann iarraidh réasúnaithe a dhéanamh chuig an gCoimisiún chun togra a dhéanamh chun na cinntí cur chun feidhme ón gComhairle dá dtagraítear in Airteagal 20(1) agus (3) a leasú nó a ionadú. Chuige sin, féadfaidh an Ballstát plean leasaithe nó plean nua téarnaimh agus athléimneachta a mholadh. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht theicniúil a iarraidh chun go n-ullmhófaí togra den sórt sin faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil."

**Commented [MAP_EJ7]:** Ailínithe leis an bhfoclaíocht sa Rialachán.

**Commented [MAP_EJ8]:** Ailínithe leis an bhfoclaíocht sa Rialachán.

[2] Féach doiciméid ST 10686/21 agus ST 10686/21 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

[3] Féach doiciméid ST 15571/23, ST 15571/23 ADD 1, ST 15571/23 ADD 1 COR 1, ST 11806/24 agus ST 11806/24 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(4) Mhínigh an Chipir go ndearnadh dhá bheart a leasú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme d'fhonn aidhm bhunaidh an bhirt a bhaint amach. Baineann sé sin le garsprioc 48 de bheart C2.1I10 (Córas Bainistíochta Margaidh chun oscailt an mhargaidh leictreachais don iomaíocht a éascú*)* faoi chomhchuid C2.1 (Aeráidneodracht, éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite) agus le garsprioc 140 de bheart C3.3R4 (Gníomhaireacht Náisiúnta Cur Chun Cinn a dhearadh agus a bhunú*)* faoi chomhchuid C3.3 (Tacaíocht ghnó don iomaíochas). Mhínigh an Chipir gurb é is cúis leis an leasú atá beartaithe ar bheart C2.1I10 easpa ullmhachta na rannpháirtithe sa mhargadh agus an gá atá ann torthaí anailís an mheasúnaithe ex ante ar bheart C3.3R4 a léiriú. Ar an mbonn sin, d'iarr an Chipir go ndeánfaí na garspriocanna agus an tuairisc ar na bearta sin a leasú. Thairis sin, d'iarr an Chipir go ndeánfaí garsprioc 48a faoi bheart C2.1I10 (Córas Bainistíochta Margaidh chun oscailt an mhargaidh leictreachais don iomaíocht a éascú) faoi chomhchuid C2.1 (Aeráidneodracht, éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite) a chur leis. Mhínigh an Chipir go n-áiritheofar leis na leasuithe atá beartaithe go mbeidh rannpháirtithe ullamh páirt a ghlacadh sa mhargadh agus go bhféadfaidh an rialtóir oibríocht an mhargaidh ar bhonn tráchtála a dhearbhú leis an gcéad idirbheart airgeadais a chuirfear i gcrích. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(5) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an gCipir, go bhfuil údar maith leis na leasuithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

Measúnú an Choimisiúin

(6) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

(7) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Chipir chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

Measúnú dearfach

(8) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart a leagan amach na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme, na garspriocanna, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-inaisíoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

Ranníocaíocht airgeadais

(9) Is é EUR 1 220 971 974 costas iomlán measta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Cipire. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Chipir, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 20(4) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Cipire a bheith comhionann le EUR 1 020 223 681.

Commented [MAP_EJ9]: "4. Maidir leis an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear i mír 2, **cinnfear** í ar bhonn chostais mheasta iomlána an phlean téarnaimh agus athléimneachta arna mholadh ag an mBallstát lena mbaineann, agus é measúnaithe de réir na gcritéar a leagtar amach in Airteagal 19(3). Socrófar méid na ranníocaíochta mar seo a leanas:"

(10) Níl aon athrú ar an tacaíocht iasachta a cuireadh ar fáil don Chipir dar luach EUR 200 320 000.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

‘*Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh* agus athléimneachta

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Cipire a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an tráthchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh air agus lena chur chun feidhme, lena n-áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.’;

(2) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Cipire.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*